Raidió Rí-Rá

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar mhír nuachta faoi stáisiún raidió Gaeilge ar an idirlíon. Féach ar an tuairisc uair amháin. Cé mhéad den eolas a d'éirigh leat a thuiscint, bunaithe ar na pictiúir agus ar eolas ar bith eile a bhí agat cheana féin?

Ceist 2 Féach ar an tuairisc anois uair amháin agus déan iarracht an leagan Gaeilge de na focail seo thíos a aimsiú inti. Ansin cuir do chuid freagraí i gcomparáid le cinn an duine in aice leat.

application: _____

licence: _____

multi-city: _____

temporary: _____

listeners: _____

directed at: _____

to download: _____

site (web): _____

voluntary work: _____

digital: _____

Ceist 3 Anois féach ar an tuairisc don dara huair agus déan iarracht freagraí na gceisteanna seo a aimsiú. Ansin, pléigh na freagraí leis an duine in aice leat.

1. Cén stair atá ag *Raidió Rí-Rá*?
2. Cén cineál ceadúnais atá á lorg ag an stáisiún?
3. Cad iad na buntáistí a bhaineann leis an stáisiún a bheith ar an idirlíon?
4. Cén fáth gur chuir an stáisiún iarratas isteach le haghaidh an cheadúnais?

Ceist 4 ‘*ar an gcóras’*

(a) Cén ghné den ghramadach atá i gceist thuas?

(b) Cuir an fhoirm cheart de na focail atá idir lúibíní sna bearnaí. Bí cúramach áfach, ní bhíonn siad mar an gcéanna sna canúintí éagsúla.

	C.C / C.M	**C.U**
Ag an (bord):	_____	_____
Ar an (cathaoir):	_____	_____
Leis an (madra):	_____	_____
Ag an (sagart):	_____	_____
Tríd an (uisce):	_____	_____
Ar an (sráid):	_____	_____
Ag an (áit):	_____	_____

Ceist 5 *‘déanta’*

Cén ghné den ghramadach atá i gceist thuas?

Cuir an fhoirm cheart den bhriathar atá idir lúibíní sna bearnaí thíos:

(Oscail)
Ar chuala tú go raibh an phictiúrlann nua _____ cheana féin?
(Foghlaim)
Bhí siad ar fad _____ agam cúpla uair.
(Cuir)
Nach aisteach an rud é go raibh na cártaí _____ san ord sin?
(Dún)
Bhí an siopa _____ sular tháinig sé.
(Fógair)
Chonaic mé go raibh an post sin _____ sa nuachtán.
(Feic)
Nach bhfuil an scannán sin _____ agat?
(Clois)
Ni chreidfeá an méid atá _____ agam faoin scéal sin.

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

An éisteann tú leis an raidió? Cén cineál stáisiúin is fearr leat?
An bhfuil stáisiúin Ghaeilge nó cláir Ghaeilge ar an chaighdeán céanna le stáisiúin Bhéarla, dar leat?
An mbaineann tú úsáid as an idirlíon gach lá? Má bhaineann, cad a dhéanann tú ar an idirlíon?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1
Iarr ar gach beirt plé a dhéanamh ar a bhfuil ar eolas acu faoin scéal.

Ceist 2

application:	**iarratas**
licence:	**ceadúnas**
multi-city:	**ilchathrach**
temporary:	**sealadach**
listeners:	**éisteoirí**
directed at:	**dírithe ar**
to download:	**a íoslódáil**
site (web):	**suíomh**
voluntary work:	**obair dheonach**
digital:	**digiteach**

Ceist 3
1. Tá Raidió Rí-Rá ar an bhfód le bliain agus tá breis is ceithre mhíle éisteoir ar líne ag an stáisiún. Bunaíodh Raidió Rí-Rá le linn '*Seachtain na Gaeilge*' anuraidh, agus tá an stáisiún dírithe ar dhaltaí scoile agus ar mhic léinn.
2. Ceadúnas ilchathrach sealadach.
3. Is féidir le daoine ceol an stáisiúin a roghnú iad féin. Tá an raidió ar fáil ar fud na tíre. Is féidir le daoine iarchláir a íoslódáil.
4. Sa dóigh is go mbeidh daoine in ann éisteacht leis an stáisiún ar an raidió, ar FM le linn Sheachtain na Gaeilge.

Ceist 4
(a) An tuiseal tabharthach.

(b)

	C.C / C.M	**CU**
Ag an (bord):	ag an mbord	ag an bhord
Ar an (cathaoir):	ar an gcathaoir	ar an chathaoir
Leis an (madra):	leis an madra	leis an mhadra
Ag an (sagart):	ag an sagart	ag an sagart
Tríd an (uisce):	tríd an uisce	tríd an uisce
Ar an (sráid):	ar an tsráid	ar an tsráid
Ag an (áit):	ag an áit	ag an áit

Ceist 5

Ar chuala tú go raibh an phictiúrlann nua **oscailte** cheana féin?
Bhí siad ar fad **foghlamtha** agam cúpla uair.
Nach aisteach an rud é go raibh na cártaí **curtha** san ord sin?
Bhí an siopa **dúnta** sular tháinig sé.
Chonaic mé go raibh an post sin **fógartha** sa nuachtán.
Nach bhfuil an scannán sin **feicthe** agat?
Ni chreidfeá an méid atá **cloiste** agam faoin scéal sin.

Ceist 6
Lig dóibh na ceisteanna a phlé i ngrúpaí nó le chéile.

Eimear Ní Chonaola
Tá iarratas déanta ag stáisiún raidió Gaeilge, a chraolann ar an idirlíon, ar cheadúnas FM. Tá Raidió Rí-Rá ar an bhfód le bliain agus tá breis is ceithre mhíle éisteoir ar líne ag an stáisiún. Ceadúnas ilchathrach sealadach atá i gceist leis an iarratas le go mbeidh fáil ag éisteoirí FM ar an stáisiún le linn Sheachtain na Gaeilge. Seo í Irene Ní Nualláin.

Irene Ní Nualláin
Bunaíodh Raidió Rí-Rá le linn '*Seachtain na Gaeilge*'* anuraidh, agus tá an stáisiún dírithe ar dhaltaí scoile agus ar mhic léinn.

Miriam Maher, Craoltóir
Bímid ag craoladh 24 uair in aghaidh an lae, gach lá sa tseachtain. Chomh maith leis sin tá sé ar líne agus *so* tá muid ar fáil timpeall na tíre. Agus is féidir leo éisteacht isteach leis an gceol, leis an *PopNuach*t, leis na giotaí a dhéanaimid, *so* is áis iontach é go háirithe do dhaoine atá ag iarraidh an Ghaeilge a fhoghlaim nó *just* daoine atá** ag iarraidh éisteacht le Gaeilge ar an raidió.

Irene Ní Nualláin
Is iad na héisteoirí a roghnaíonn ceol an stáisiúin agus is féidir iarchláracha agus *PopNuacht* a íoslódáil ón suíomh. Obair dheonach atá ar bun ag lucht craolta*** an stáisiúin.

Síne Nic An Ailí
Tá muid le dul ar an gcóras digiteach amach anseo, an DAB. Ach, chomh maith leis sin tá muid tar éis iarratas a chur isteach ar cheadúnas ilchathrach a fháil go sealadach thar '*Seachtain na Gaeilge 2009*' ionas gur féidir le daoine a bheith ag éisteacht linn ar FM, ar an raidió ar feadh na tréimhse**** sin ar fad i mí an Mhárta.

Irene Ní Nualláin
Tá an t-iarratas á mheas ag Coimisiún Craolacháin na hÉireann faoi láthair. Irene Ni Nualláin, Nuacht TG4, BÁC.

* Tá an nós ann gan rialacha gramadaí na Gaeilge a chur i bhfeidhm nuair is ainm ruda atá i gceist.
** *a bhfuil* a deirtear
*** *lucht chraolta* a deirtear
**** *an tréimhse* a deirtear